# Caibidil a hAon
# Teacht Chun Cinn Ordú um Earraí Grósaera

## 1.1 An Tús – Orduithe 1956 agus 1958

Idir Aibreán agus Meitheamh 1955, thionóil an Coimisiún Cóir-Thrádála (CCT) a bhí ann ag an am fiosrúchán poiblí maidir le “na coinníollacha atá i bhfeidhm maidir le soláthar agus imdháil earraí grósaera agus soláthairtí, go mórmhór, ábhair bia (gan plúr, min chruithneachta, arán, bainne, uisce mianraí, milseoga, torthaí úra agus glasraí úra san áireamh) agus riachtanais tí a dhíoltar de ghnáth i siopaí grósaera agus soláthair.’ Thug an CCT tuairisc ar thoradh a bhFiosrúcháin don Aire Tionscail agus Tráchtála i Meitheamh 1956[1] and mhol gur chóir rialacha reachtúla a thabhairt isteach a bheadh leagtha amach chun cóir-thrádáil chothrom a chinntiú san earnáil grósaera. Bhí tús curtha leis an Ordú um Earraí Grósaera.

Ré an-difriúil ar fad a bhí ann, rud a thugtar le fios go soiléir as léitheoireacht comhaimseartha a dhéanamh ar Thuarascáil an CCT. Ba é an costas iomlán a bhí le teach a choinneáil ag imeacht in Éirinn ná thart ar €12 (216 scilling) sa tseachtain, bhí rialú praghsanna reachtúil i bhfeidhm ag an Stát ar raon leathan táirgí ó lá go lá agus is i bhfad ó ghnó ollmhargaidh príomhshruthaithe agus nua-aimseartha an lae inniu a bhí struchtúr agus feidhmiú thrádáil grósaera ag an am.

Ba é Ordú um Earraí Grósaera 1956[2] an chéad cheann dá chuid. Chuir sé cosc ar raon gníomhaíochtaí mar cothabháil praghsanna athdhíolta (pléite go sonrach in Altanna 2.2 agus 6.6) chomh maith le comhshocrú a dhéanamh ar phraghsanna le soláthróirí agus mórdhíoltóirí, idirdhealú míchóir in aghaidh miondíoltóirí, íosphraghsanna molta a shocrú agus soláthairtí a fhágáil ar lár mar gheall ar mhísástacht leis an bpraghas a bhí á ghearradh ar an tomhaltóir.

Bhí an CCT i gcoinne cosc ar dhíolachán faoi chostas ach mhol siad go dtabharfaí cead dleathach do sholáthróirí soláthairtí a shiarchoinneáil ó mhiondíoltóirí a dhíol earraí faoin bpraghas mórdíolta ar cheannaigh siad na hearraí.

Shínigh an tAire, William Norton, an tOrdú a thug éifeacht do na moltaí sin, ar an 31 Nollaig 1956. Ní raibh éifeacht láithreach aige. Go deimhin ba ghné é den Ordú sin, agus gach Ordú ó shin, nach mbíonn éifeacht leo go dtí tráth a ndeimhnítear iad le hAcht Oireachtais.[3]

---

[1] Tuarascáil an Choimisiúin Cóir-Thrádála ar na coinníollacha atá ann maidir le Soláthar agus Imdháil Earraí Grósaera agus Soláthairtí (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Pr 3722).
[2] An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1956, I.R. Uimh. 332/1956.
[3] Is ceanglas de chuid An Achta um Chleachtais Srianta Trádála, 1953 a bhí anseo ar dtús (Uimh 14 de 1953) faoina dearnadh Ordú 1956.

Sula raibh éifeacht le hOrdú 1956, rinneadh leasú air in 1958[4] *'chun roinnt dá chuid forálacha a dhéanamh níos cothroime.'*[5] Thug foráil amháin den sórt sin deis do sholáthróirí a gcuid custaiméirí a roinnt in aicmí difriúla d'fhonn téarmaí agus coinníollacha difriúla a leagan síos.

Mar sin, tháinig éifeacht le hOrdú 1956 agus le hOrdú Leasaithe 1958 ag an am céanna ar an 25 Samhain, 1958. Bhain na hOrduithe, mar a thugtar le fios san alt oscailte thuas, le hearraí grósaera (leis na heisceachtaí sainiúla) agus le 'riachtanais' tí a dhíoltar de ghnáth i siopaí grósaera.

Rinne an CCT athbhreithniú ar fheidhmiú na nOrduithe i 1966 ach níor moladh aon athruithe a dhéanamh.[6]

## 1.2 Orduithe 1973

Rinne an CCT an dara athbhreithniú i 1972[7] a dhírigh ar na téarmaí agus na coinníollacha a raibh feidhm leo sa trádáil. Bhí an tAthbhreithniú teoranta mar gheall ar chúiseanna éagsúla i leith ábhair bhia (go dtí eisceacht na riachtanais tí mar a tugadh orthu).

Mar thoradh ar an athbhreithniú rinneadh Ordú um Earraí Grósaera nua i 1973 (rinneadh leasú air freisin an bhliain chéanna)[8], a leag amach rialacha nua maidir le téarmaí agus coinníollacha chun 'earraí grósaera le haghaidh tomhaltas daoine' a sholáthar.

Bhunaigh an tOrdú sin don chéad uair cosc ar mhiondíoltóirí earraí a fhógairt le díol ag *'praghas níos ísle ná an praghas… ar cheannaigh sé na hearraí'* (an cosc ar fhógraíocht faoi chostas). Caithfimid súil níos sonraí ar na cúiseanna a bhí leis sin sa chéad chaibidil eile.

Bhí feidhm fós le hOrduithe 1956/'58 chomh fada agus a bhain sé le riachtanais tí.

## 1.3 An Chéad Ordú i 1978

I mí na Nollag 1975, chuir an CCT, a bhí athainmnithe anois mar an Coimisiún um Chleachtais Srianta (CCS), isteach Tuarascáil[9] chuig an Aire

---

[4] An tOrdú um Chleachtais Srianta Trádála (Earraí Grósaera), 1956 (Leasú), 1958, I.R. Uimh. 163 de 1958.
[5] Díospóireachtaí Dála, Imleabhar 171, 12 Samhain 1958, Col 650 (Sean Lemass, An tAire Tionscail & Tráchtála).
[6] Tuarascáil an Choimisiúin Cóir-Thrádála ar Athbhreithniú ar Fheidhmiú Orduithe a bhaineann le Soláthar agus Imdháil Earraí Grósaera….(Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Pr 8896).
[7] Tuarascáil an Choimisiúin Cóir-Thrádála ar Fhiosrúchán faoi na coinníollacha atá ann maidir le soláthar agus imdháil Earraí Grósaera le haghaidh Tomhaltas Daoine (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Prl 2517).
[8] An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1973, I.R. UImh. 49 de 1973 & An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) (Leasú), 1973, I.R. Uimh. 287 de 1973.
[9] Tuarascáil an Choimisiúin um Chleachtais Srianta ar Athbhreithniú Speisialta trí Fhiosrúchán Poiblí ar Fheidhmiú Airteagail 2 agus 3 den Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1973…(Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Prl 5274).

maidir le feidhmiú forálacha áirithe de na hOrduithe um Earraí Grósaera, go háirithe maidir le téarmaí agus coinníollacha agus clúdach táirge.

Tar éis breithniú fada a dhéanamh ar an Tuarascáil sin, shínigh an tAire Ordú nua ar an 15 Márta, 1978[10]. Is é an aidhm a bhí leis Ordú 1973 a leasú chun éascú a dhéanamh ar fhorálacha nua maidir le billí a íoc in am, earraí féin-lipéadaithe, feoil úr agus reoite a fhágáil ar lár as scóip an Ordaithe, agus téarmaí agus coinníollacha forlíontacha. Dheimhnigh Acht Oireachtais níos déanaí an bhliain sin an tOrdú agus tháinig éifeacht leis an 20 Meitheamh, 1978.

## 1.4 An Dara Ordú i 1978

De réir mar a chuaigh 1978 ar aghaidh, d'éirigh an RPC agus Rialtas an lae imníoch faoi roinnt cleachtas a bhí ag teacht chun cinn sa trádáil. Mar a fheicfimid níos déanaí sa tuarascáil seo, bhain sé sin le baghcat a rinne grúpa a bhí ag déanamh ionadaíochta ar leasa mórdíola agus miondíola ar tháirgí déantúsóra as Éirinn, de bhrí gur theip air gníomh a ghlacadh in aghaidh miondíoltóra a líomhnaíodh, a bhí ag díol earraí grósaera faoi chostas. Thug an RPC le fios áfach, go raibh i bhfad níos mó i gceist leis an gcás ná é sin.

I mí na Samhna 1978, mhol Scrúdaitheoir Cleachtais Srianta don Aire i ndáil leis na hOrduithe um Earraí Grósaera *'leasú chun an foráil in Ordú 1956 a chur i bhfeidhm an athuair maidir le gach earra grósaera a chuirfidh ar chumas soláthróirí soláthairtí a shiarchoinneáil ó dhaoine a raibh baint acu le díolachán faoi chostas."*[11]*'* Ní raibh feidhm leis na cumhachtaí sin i ndáil le hearraí grósaera neamhbhia ó rinneadh Ordú 1973.

Ar bhonn criticiúil, agus arís caithfear súil níos sonraí air seo níos déanaí, mhol an Scrúdaitheoir freisin athruithe chun an nóisean a bhain le díolachán faoi 'glan-phraghas ar an sonrasc' a thabhairt isteach. Tharla sé sin chun roinnt cinnteachta a thabhairt isteach maidir le cad is brí le 'costas' agus chun ionchúisimh faoin Ordú (féach Alt 2.11 thíos) a éascú.

Chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm, shínigh an tAire ordú leasaitheach eile, an uair seo ar an 7 Nollaig, 1978[12]. Dheimhnigh Acht Oireachtais é agus tháinig éifeacht leis ar an 19 Nollaig 1978.

Bhí sé ordú um earraí grósaera ar an iomlán i bhfeidhm anois - 1956, 1958, 1973, 1973 (leasú), 1978 agus 1978 (leasú) – agus gach ceann acu ag leagan síos forálacha difriúla maidir le gnéithe difriúla den trádáil, agus níorbh iontas ar bith é go raibh siad ar fad trína chéile. Chaithfeadh rialú níos fearr a bheith mar ghné de dhéanamh polasaí na hÉireann ina dhiaidh sin.

## 1.5 Ordú 1981

[10] An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) (Leasú), 1978, I.R. Uimh. 82 de 1978.
[11] Díospóireachtaí Seanaid Imleabhar 90, 13 Nollaig 1978 Col 748 (Mrs Geoghegan-Quinn, An tAire Stáit ag an Roinn Tionscail, Tráchtála & Fuinnimh).
[12] An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) (Leasú) (Uimh 2), 1978, I.R. Uimh. 336 de 1978.

I mí na Samhna 1980, chuir an CCS Tuarascáil eile le chéile faoi fhiosrúchán eile, an t-am seo fiosrúchán faoi *'Díolachán Miondíola ar Earraí Grósaera Faoi Chostas."*[13] Dúirt an RPC ag alt 7.3 (leathanach 68) den Tuarascáil mar seo a leanas: *'Ní chreidimid go mbeadh ciall le cosc ar dhíolachán faoi chostas ag an tráth seo….'.* Féachfaimid ar na cúiseanna a bhí leis sin sa chéad chaibidil eile.

Lean an Tuarascáil uirthi ag moladh gur chóir an cosc a láidriú ar fhógraíocht faoi chostas agus, gné dhearfach, gur chóir gach ordú roimhe sin a chúlghairm agus iad a chomhdhlúthu isteach in ordú nua amháin (alt 6.3, leathanach 71).
Shínigh an tAire Tionscail, Tráchtála & Turasóireachta an tOrdú nua ag tabhairt éifeacht do na moltaí sin an 4 Márta 1981. Dheimhnigh Acht Oireachtais an tOrdú ina dhiaidh sin agus tháinig éifeacht leis an 7 Aibreán, 1981.

## 1.6 Ordú 1987

I mí Iúil 1986, d'iarr an tAire ar an CCS athbhreithniú speisialta a dhéanamh ar fheidhmiú Ordú 1981 i bhfianaise forbairtí ó rinneadh an tOrdú *'agus le tagairt ar leith don cheist a bhain le díolachán faoi chostas.* [14] *'* Cuireadh isteach an Tuarascáil i mí Eanáir 1987.

Mhol an Tuarascáil roinnt athruithe an-tábhachtach a dhéanamh ar Ordú 1981. Dúradh ann nár chóir deochanna meisciúla a fhágáil ar lár as scóip an ordaithe, gur chóir earraí féin-lipéadaithe a chur san áireamh go sainiúil, agus cosc a chur ar 'airgead hello' don chéad uair, rud a léireodh athruithe a bhí tagtha ar chleachtais ghnó san earnáil thar na mblianta.

Ach níos tábhachtaí ná aon ní eile, mhol an Tuarascáil go gcuirfí cosc don chéad uair ar an gcleachtas díolachán faoi chostas. Leis an gceann deiridh sin, coinníodh an téarma 'glan-phraghas ar an sonrasc', a tugadh isteach don chéad uair in Ordú 1978.
Tá an téarma lárnach, ar go leor bealaí, don díospóireacht reatha.

Shínigh an tAire Tionscail & Tráchtála Ordú nua ag tabhairt éifeacht do na moltaí sin ar an 25 Bealtaine 1987. Deimhníodh é le hAcht Oireachtais agus tháinig éifeacht leis an 11 Nollaig 1987. Tá feidhm fós leis sa lá atá inniu ann.

## 1.7 1987 – 2005

Tá conspóid agus díospóireacht tarraingte ag Ordú 1987 ó tugadh isteach é. Dhírigh go leor den díospóireacht sin ar an gcosc ar dhíolachán faoi chostas

[13] Tuarascáil an Choimisiúin um Chleachtais Srianta ar Fhiosrúchán faoi Dhíolachán Miondíola Earraí Grósaera faoi Chostas (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Prl 9428).
[14] Tuarascáil an Choimisiúin um Chleachtais Srianta ar Athbhreithniú ar an Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1981 (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Pl 4678) (Alt 1.1, Leathanach 7).

seachas ar aon cheann eile d'fhorálacha an Ordaithe. Déanfaimid scrúdú níos sonraí ar fhorbairtí sa tréimhse seo sa chéad chaibidil eile.

Mar sin féin, is achoimre gairid é seo a leanas ar fhorbairtí sa tréimhse.
Rinne an CCT athbhreithniú ar ordú 1987 i 1991 (ar ais chuig a chéad ainm faoin tráth seo) agus cuireadh tuarascáil den athbhreithniú sin isteach chuig an Aire i mí Lúnasa 1991.[15] Le móramh 2 in aghaidh 1 mhol an Coimisiún gur chóir an cosc ar dhíolachán faoi chostas, nach raibh tugtha isteach ach ceithre bliana roimhe sin, a chúlghairm ar na forais go bunúsach nach raibh sé i bhfeidhm mar a bhí ag súil leis a bheith agus go raibh cleachtais frith-iomaíochta sa trádáil clúdaithe go dóthanach idir an dá linn ag Acht Iomaíochta, 1991. Chinn an tAire a bhí ann ag an am gan gníomh a ghlacadh ar an moladh sin láithreach agus roghnaigh sé an cás a choinneáil faoi athbhreithniú fad is a bhí an tAcht nua ag socrú síos.

Rinneadh roinnt athbhreithnithe Ranna inmhéanaigh ina dhiaidh sin ar an Ordú le linn na 1990aidí ach ní dearnadh aon iarracht é a leasú ar aon bhealach.

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe Cónaisc agus Iomaíochta imscrúdú ar an gceist agus déileáladh go láidir leis an gcás ina Thuarascáil Deiridh i Márta 2000.[16] Mhol an Grúpa go ndéanfaí aisghairm ar an gcosc ar dhíolachán faoi chostas ar an mbunús go gcuirfeadh beart mar sin le luas agus doimhneas iomaíochta sa trádáil. Ní glacadh leis an moladh arís eile.

I 2001, mhol an OECD, ina Thuarascáil ar 'Athchóiriú Rialála in Éirinn' go ndéanfaí cúlghairm ar an Ordú.

Mhol an Chomhairle Iomaíochta Náisiúnta ina Tuarascáil 'Dúshlán Iomaíochta' i nDeireadh Fómhair, 2004, go ndéanfadh an Rialtas *'breithniú an athuair ar an gcosc ar dhíolachán faoi chostas'* agus dúradh ann go raibh *'fianaise ann go bhfuil beag is fiú déanta ag an gcosc ar iomaíocht bhríomhar praghsanna idir miondíoltóirí agus gurb iad na tomhaltóirí atá siar leis.'*

I 2005, d'fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais ar Fhiontar & Mion Ghnó a Thuarascáil maidir le feidhmiú trádáil grósaera in Éirinn.[17] Mhol siad gur chóir *'Cosc ar dhíolachán faoi chostas a choinneáil.'* (Alt 8.7, leathanach 57).

In Aibreán 2005, mhol an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí ina Thuarascáil, *Bíodh Tábhacht ag Tomhaltóirí,* go ndéanfaí cúlghairm iomlán ar an Ordú.

## 1.8 Ionchúisimh faoi Ordú 1987

[15] Tuarascáil an Choimisiúin Cóir-Thrádála ar an Athbhreithniú ar an Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987 (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath).
[16] Tuarascáil Dheiridh an Ghrúpa Athbhreithnithe Cónaisc agus Iomaíochta, Márta 2000 (Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath PN 8487).
[17] Comhchoiste ar Fhiontar & Mion Ghnó, Tríú Tuarascáil, Tuarascáil Eatramhach ar Thionchar Iolracha Grósaera ar na Margaí Grósaera agus Miondíola agus a éifeacht ar Thomhaltóirí, Miondíoltóirí Grósaera Beaga agus Soláthróirí Grósaera Beaga, Tithe an Oireachtais, Márta 2005.

Tá líon teoranta ionchúiseamh déanta faoi Ordú 1987. Is mar thoradh ar ghearáin a fuair an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí ó ionadaithe trádála seachas ó thomhaltóirí a rinneadh formhór na n-ionchúiseamh, murab ea agus iad ar fad.

Fuair an Stiúrthóir 16 gearán faoi dhíolachán faoi chostas i 1988, an chéad bhliain aige i mbun feidhme. I bhformhór na gcásanna ní raibh foras ar bith leis an ngearán nó bhíothas ag sárú ceann beag go bunúsach.

Fuarthas cúig ghearán i 1989 ach dúirt an Stiúrthóir ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 'ar an iomlán dealraíonn sé nach raibh aon díolachán faoi chostas a raibh aon tábhacht eacnmaíochta ag baint leis ag dul ar aghaidh sa mhargadh grósaera.'

Rinneadh imscrúdú ar roinnt gearán idir 1990 agus 1992 inar bhain miondíoltóirí úsáid as scéimeanna dearbháin laghdaithe in airgead a raibh an-éifeacht acu, nuair a d'úsáidfeadh an ceannaitheoir iad, praghas roinnt grósaeirí a thabhairt faoi chostas. Dealraíonn sé gur foirceannadh go deonach iad i ndiaidh don Stiúrthóir idirghabháil a dhéanamh. Dealraítear go raibh teorainn le himscrúdú agus le hionchúiseamh sna blianta ina dhiaidh sin.
Rinneadh 16 imscrúdú ar dhíolachán faoi chostas i 1997 ach ní dearnadh aon ionchúiseamh. Rinneadh cúig ionchúiseamh i 1998.

Le roinnt blianta anuas, tá sé curtha in iúl ag an Stiúrthóir dúinn go ndearnadh cúig ionchúiseamh mar gheall ar dhíolachán faoi chostas – ceann i 2002 agus 2004, agus trí cinn i 2003.

Thar na blianta tá forálacha eile den Ordú glaoite ag an Stiúrthóir, lena n-áirítear foráil i 1991 maidir le líomhaintí faoi shocrú praghsanna, go háirithe ar phraghas bainne agus aráin, agus bhí imeachtaí cúirte mar thoradh air sin.

I 1999, rinne an Stiúrthóir imscrúdú ar ghearán go ndearna Superquinn iarracht 'airgead-hello" a fháil ó sholáthróir. Réitíodh an cás go deonach sula ndeachaigh sé chun cúirte.